Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15615/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0096 (COD)**

**TRANS 559**
**CODEC 1854**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14969/25 + ADD 1 + ADD 2 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8259/25 |
| Ábhar: | Pacáiste ródacmhainneachta: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí arna dtaifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE ón gComhairle<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 24 Aibreán 2025, thíolaic an Coimisiún dhá thogra reachtacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phacáiste Ródacmhainneachta 2014. Le togra amháin leasaítear Treoir 2014/45/AE maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus Treoir 2014/47/AE maidir le hiniúchadh teicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála; tagann an dara togra in ionad Treoir 1999/37/CE maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí.

2. Cé go bhfuil sé mar chuspóir ginearálta ag an dá thogra feabhas breise a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre san Aontas, rud a rannchuideoidh leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus a éascóidh saorghluaiseacht daoine agus earraí san Aontas, leagtar síos, leis an togra maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí, rialacha comhchoiteanna maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na doiciméid chlárúcháin feithiclí arna n-eisiúint ag na Ballstáit;

(b) sonraí áirithe atá le taifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí;

(c) cómhalartú na sonraí sin idir na Ballstáit.

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

3. Is é an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) atá ainmnithe ag Parlaimint na hEorpa le bheith freagrach as an togra seo, agus ceapadh Johan DANIELSSON (S & D, SE) mar rapóirtéir an 7 Iúil 2025.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim an 18 Meán Fómhair 2025. Chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh.

## III. AN OBAIR I dTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS INA COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

5. Chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre an 30 Aibreán 2025 faoi Uachtaránacht na Polainne le cur i láthair ginearálta ar an togra agus ar an measúnú tionchair a ghabhann leis.

6. Sna barúlacha tosaigh uathu, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra ón gCoimisiún mar chéim chun cinn maidir le rialacha a nuachóiriú a mhéid a bhaineann le sonraí feithiclí a chlárú, feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus ar an éifeachtúlacht i gcómhalartú sonraí agus feabhas a chur ar dhigiteáil in earnáil an iompair agus d’ardaigh siad ceisteanna teicniúla éagsúla maidir le roinnt gnéithe den togra.

7. Faoi Uachtaránacht na Polainne, bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an bpacáiste ródacmhainneachta an 5 Meitheamh 2025. Ba dhíol sásaimh do na hairí an t-ollchóiriú ar na Treoracha atá ann faoi láthair agus an uaillmhian atá ann bogadh i dtreo tuilleadh comhchuibhithe, digiteála agus nuachóirithe. Sa mhéid a bhí le rá acu, leag roinnt Airí béim freisin ar a riachtanaí a bhí sé na spriocdhátaí cur chun feidhme a bheith in-chomhlíonta agus na costais agus an t-ualach riaracháin a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

8. Rinne Uachtaránacht na Danmhairge scrúdú mionsonraithe ar an togra sa Mheitheal idir mí Iúil agus mí na Samhna 2025. Bunaithe ar na barúlacha a chuir na toscaireachtaí in iúl ag cruinnithe na Meithle agus i bhfoirm barúlacha i scríbhinn, d'ullmhaigh an Uachtaránacht cúig théacs comhréitigh inar moladh líon mór réiteach teicniúil agus soiléirithe i leith an togra ón gCoimisiún. Is iad seo a leanas na príomhathruithe a thug an Uachtaránacht isteach:

a) Sonraí arna dtaifeadadh sna cláir feithiclí (Airteagal 6): Bhí comhaontú ginearálta ann maidir leis an ngá atá le tacar íosta sonraí a fhorbairt ba cheart a thaifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí ós rud é go mbeadh Ballstáit an Aontais in ann cómhalartú éifeachtúil comhsheasmhach sonraí a dhéanamh a bhuí leis sin. Chuir na toscaireachtaí in iúl, áfach, go raibh imní orthu go mbeadh gá le hathruithe struchtúracha suntasacha ar a gcláir náisiúnta feithiclí i gcás roinnt réimsí sonraí, go háirithe maidir le sonraí i ndáil le húinéireacht shibhialta na bhfeithiclí. Chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na mBallstát, thug an Uachtaránacht athruithe isteach lena gcuirtear teorainn leis na ceanglais sonraí. Ina theannta sin, san fhoráil sin anois tugtar níos mó solúbthachta do na Ballstáit maidir leis na hoibleagáidí taifeadta sonraí a chomhlíonadh.

b) Díchlárú sealadach (Airteagal 8a nua): Agus é mar phríomhaidhm calaois a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla agus inrianaitheacht feithiclí tréigthe a fheabhsú, cuireadh isteach Airteagal 8a nua maidir le 'Díchlárú sealadach'. Sainítear ann bearta darb aidhm a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit sin a cheadaíonn go ndéanfaí feithiclí a dhíchlárú go sealadach, bearta leordhóthanacha chun taifead a dhéanamh den áit ina bhfuil an fheithicil suite go dtí go n-athchláraítear í nó go gcealaítear clárú na feithicle. Creideann an Uachtaránacht go dtugtar ardleibhéal solúbthachta leis an bhfoclaíocht atá ann faoi láthair agus gur fusa is féidir, dá bhrí sin, na bearta a chomhtháthú sna córais éagsúla clárlainne feithiclí atá i bhfeidhm ar fud Bhallstáit an Aontais.

c) Aitheantas frithpháirteach (Airteagal 9): Chuir an Uachtaránacht mír 3 nua isteach, lena soiléirítear na bearta a bhfuil feidhm acu maidir le hathchlárú feithicle nár deonaíodh di roimhe sin cineálcheadú AE ná ceadú aonair AE. Sna cásanna sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nár cheart feidhm a bheith ag an aitheantas frithpháirteach. Measann an Uachtaránacht go gcuidíonn an fhoráil sin, a cuireadh isteach arna iarraidh sin do na Ballstáit, lena áirithiú go gcomhlíontar na gcaighdeán náisiúnta sábháilteachta agus comhshaoil.

d) Cómhalartú sonraí (Airteagal 15): Tríd is tríd, thacaigh na toscaireachtaí leis an gcuspóir go gcuirfí feabhas ar idir-inoibritheacht trasteorann agus ar chómhalartú sonraí fíor-ama idir údaráis náisiúnta cláraithe feithiclí. Mar sin féin, níor aontaigh líon mór Ballstát gur cheart gur ar an gcóras MOVE-HUB, a d'fhorbair an Coimisiún, agus ar an gcóras sin amháin, a dhéanfaí an cómhalartú sin a fhorbairt. Ar na cúiseanna sin, chuir an Uachtaránacht mír nua isteach in Airteagal 15 lena gceadaítear do na Ballstáit a n-iarratais féin nó iarratais tríú páirtí, lena n-áirítear EUCARIS, a úsáid chun sonraí a chómhalartú agus chun nascadh leis an gcóras leictreonach MOVE-HUB.

e) Trasuí (Airteagal 17): Agus aird á tabhairt ar chineál uaillmhianach agus casta na gceanglas a tugadh isteach leis an athbhreithniú atá beartaithe, d'iarr roinnt Ballstát go gcuirfí síneadh le tréimhse an trasuite, agus cuireadh síneadh 3 bliana léi. Maidir leis na dátaí faoinar gá do na Ballstáit cuid de na forálacha oibríochtúla a chomhlíonadh, dá dtagraítear in Airteagail 3, 10 agus 10a go háirithe, cuireadh síneadh 5 bliana leo chun tréimhse réasúnta fada a áirithiú dá gcur chun feidhme.

f) Iarscríbhinní: Cuireadh roinnt modhnuithe teicniúla san áireamh sna hiarscríbhinní darb aidhm a chomhpháirteanna agus a struchtúr a shoiléiriú. Scriosadh an iarscríbhinn ar leith Iarscríbhinn III agus aistríodh a codanna chuig Airteagal 5 den togra.

9. Ag cruinniú na Meithle ar an 13 Samhain 2025, thacaigh na toscaireachtaí tríd is tríd leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht[1] i dtaca le cur chuige ginearálta, ach d'iarr roinnt toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe nó d'iarr siad athruithe breise i ndáil le roinnt de na hAirteagail.

10. Ag an gcruinniú a bhí aige an 21 Samhain, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach a leagtar amach san Iarscríbhinn agus in aguisín 1 agus in aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo.

## IV. CONCLÚIDÍ

11. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh aici an 4 Nollaig 2025.

---

1 12452/4/25 REV 4 + ADD 1 + ADD 1.

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí arna dtaifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Fónann clárú feithicle mar an t-údarú riaracháin lena cur in úsáid i dtrácht ar bhóithre.

---

[2] IO C […], […], lch. […]

[3] IO C […], […], lch. […]

(2) Le Treoir 1999/37/CE ón gComhairle[4], leagtar síos caighdeáin choiteanna maidir le doiciméid chlárúcháin feithiclí le haghaidh na mBallstát. Ceanglaítear léi freisin go gcuideoidh na Ballstáit le chéile an Treoir a chur chun feidhme agus tugtar le fios inti go bhféadfar é sin a dhéanamh trí fhaisnéis a bhaineann le feithiclí a chómhalartú trí mheán leictreonach, ach ní cheanglaítear an cómhalartú sonraí sin, rud a chuireann bac ar an gcumarsáid agus ar an gcómhalartú faisnéise idir na Ballstáit.

(3) Chun seiceáil agus fíorú deimhnithe clárúcháin feithiclí a éascú, is gá foirm agus ábhar na ndeimhnithe sin a chomhchuibhiú a thuilleadh.

(4) Trí na deimhnithe clárúcháin a chomhchuibhiú agus an fhaisnéis arna taifeadadh sa chlár feithiclí a chomhroinnt, éascófar freisin athchlárú feithiclí a cláraíodh roimhe sin i mBallstát eile, agus rannchuideofar le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

[…]

(5a) Chun an gá atá le digiteáil a chur san áireamh, iomaíochas an Aontais a neartú agus ualaí riaracháin a laghdú, ba cheart deimhnithe clárúcháin fisiceacha agus móibíleacha araon a chomhchuibhiú. Ba cheart an fhaisnéis chéanna a bheith sna deimhnithe sin.

(6) Chun go mbeidh sé níos éasca agus níos tapúla an fhaisnéis ar dheimhnithe fisiceacha a sheiceáil, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cód QR a áireamh ar dheimhnithe clárúcháin, lena n-áirítear deimhnithe i bhformáidí cárta chliste. Ba cheart é a bheith indéanta freisin deimhnithe clárúcháin fisiceacha a eisiúint i bhformáid cárta chliste le micrishlis, ar an gcoinníoll go leantar sonraíochtaí teicniúla áirithe.

---

[4] Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/37/oj).

(7) Tá an t- aistriú digiteach ar cheann de thosaíochtaí an Aontais. Tá sé tábhachtach deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear an t-ualach riaracháin a bhaineann le hathchlárú feithiclí. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar shaorghluaiseacht daoine agus ar a gceart gluaiseacht gan srian laistigh den Aontas agus dul chun cónaithe i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil a bhfeithicil cláraithe faoi láthair. Dá bhrí sin, ón [dáta an teacht i bhfeidhm + 5 bliana], ba cheart deimhnithe clárúcháin móibíleacha a eisiúint mar réamhshocrú, gan difear a dhéanamh do cheart an iarratasóra deimhniú clárúcháin fisiceach a iarraidh freisin. Chun idir-inoibritheacht na ndeimhnithe clárúcháin móibíleacha ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart sonraíochtaí teicniúla a leagan amach le haghaidh na ndeimhnithe sin. Leis sin, beifear in ann a áirithiú freisin gur féidir deimhnithe clárúcháin feithiclí a sheiceáil agus a fhíorú.

(8) Chun na costais a laghdú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, ba cheart deimhnithe clárúcháin móibíleacha a eisiúint saor in aisce chuig na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Tá an méid sin gan dochar do cheart na mBallstát táille riaracháin náisiúnta a shocrú le haghaidh an nós imeachta clárúcháin faoin dlí náisiúnta.

(9) Chun gluaiseachtaí trasteorann a éascú, go háirithe athchlárú feithiclí, ba cheart do na Ballstáit na sonraí uile is gá maidir leis na feithiclí uile atá cláraithe ar a gcríoch a thaifeadadh go leictreonach agus na sonraí sin a choinneáil cothrom le dáta i gcónaí. Beidh na sonraí sin ina gcabhair leis an méid a leanas a dhéanamh: cruinneas na gclár feithiclí a fheabhsú; feabhsú fhorfheidhmiú an dlí a áirithiú; calaois agus gadaíocht feithiclí a chomhrac; rannchuidiú le láimhseáil éifeachtúil feithiclí tréigthe agus deireadh a chur le hathchlárú feithiclí ar eisíodh deimhniú scriosta ina leith; feabhas a chur ar an gcómhalartú faisnéise idir na Ballstáit; agus gur fusa stádais feithiclí atá le honnmhairiú a sheiceáil.

---

[5] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

(10) Aon phróiseáil a dhéanfar ar shonraí pearsanta agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart í a bheith i gcomhréir le creat cosanta sonraí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679. Aon sonraí pearsanta a úsáidfear chun stádas clárúcháin feithicle a fhíorú, níor cheart don fhíoraitheoir iad a choinneáil, seachas má údaraítear a gcoinneáil le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

(11) Tá an tástáil ródacmhainneachta ina cuid de chóras níos leithne lena n-áirithítear go gcoinnítear dea-bhail ar fheithiclí sa chaoi is go mbeidh siad sábháilte agus inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de a fhad agus a bheidh siad in úsáid. I dteannta cigireachtaí teicniúla tréimhsiúla sceidealaithe, ba cheart gach feithicil a bheith faoi réir tástáil ródacmhainneachta freisin más rud é gur athraíodh nó gur modhnaíodh córais agus comhpháirteanna sábháilteachta nó comhshaoil na feithicle go mór agus ba cheart faisnéis maidir leis an méid sin a áireamh sa chlár feithiclí. Áirítear leis sin cásanna ina n-athraítear an chatagóir feithicle nó na leibhéil astaíochtaí, mar shampla, tar éis scagaire cáithníní a shuiteáil nó i gcás ina dtiontaítear feithicil chun go rithfidh sí ar bhreosla malartach nó i gcás athrú ar an gcóras tiomána. I gcás ina mbeadh clárú nua ina thoradh ar na modhnuithe suntasacha sin i gcomhréir leis an rialachán náisiúnta sa Bhallstát ábhartha, níor cheart a cheangal ar na Ballstáit faisnéis faoi mhodhnuithe suntasacha ar an bhfeithicil a thaifeadadh sa chlár feithiclí.

(11a) Ceanglaítear leis an gcóras ródacmhainneachta go gcuirfear údarú feithicle lena húsáid i dtrácht ar bhóithre ar fionraí i gcás ina mbeidh an fheithicil ina riosca don tsábháilteacht ar bhóithre. Chun an t-ualach riaracháin a eascraíonn as fionraíocht a laghdú, ní gá dul trí phróiseas clárúcháin nua nuair a chuirtear deireadh leis an bhfionraíocht. Chun a áirithiú go bhfuil na cláir cruinn agus cothrom le dáta, i gcás ina gcuirfear údarú feithicle lena húsáid ar bhóithre poiblí ar fionraí i ndiaidh tástáil ródacmhainneachta, ba cheart an fhionraíocht a thaifeadadh go leictreonach sa chlár freisin go dtí go n-éireoidh leis an bhfeithicil i dtástáil nua ródacmhainneachta.

(11b) I gcás ina ndéanfar cealú buan ar údarú Ballstáit le haghaidh feithicil atá le húsáid i dtrácht ar bhóithre, níor cheart an cealú sin a thuiscint mar chosc ar chlárú nua a dhéanamh ar an bhfeithicil ná ar dheimhniú nua clárúcháin a eisiúint di, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an fheithicil na rialacha is infheidhme maidir le clárú agus nár caitheadh leis an bhfeithicil mar fheithicil a bhfuil a ré caite.

(12) Chun a áirithiú go mbeidh na cláir feithiclí cruinn agus cothrom le dáta, i gcás inar caitheadh le feithicil mar fheithicil a bhfuil a ré caite i gcomhréir le Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ba cheart clárú na feithicle sin a chur ar ceal go buan agus an fhaisnéis sin a chur leis an gclár leictreonach.

(12a) I gcás ina gceadóidh Ballstát díchlárú sealadach feithicle ar feadh tréimhse theoranta ama arna iarraidh sin do shealbhóir an deimhnithe clárúcháin, ba cheart an fheithicil lena mbaineann a choinneáil ar taifead sa chlár feithiclí. Mar sin féin, níor cheart an fheithicil a údarú lena húsáid i dtrácht ar bhóithre le linn thréimhse an díchláraithe shealadaigh. Na Ballstáit sin a cheadóidh díchlárú sealadach feithiclí, ba cheart dóibh bearta leordhóthanacha a leagan amach chun a áirithiú go dtuigfear cá bhfuil na feithiclí arna ndíchlárú go sealadach, cuir i gcás, uastréimhse an dhíchláraithe shealadaigh a shocrú, a áirithiú nach ndéanfar aon athnuachan ar dhíchlárú sealadach ach ar feadh tréimhse theoranta, nó oibleagáid a chur ar an úinéir tuairisc a thabhairt ar an áit a bhfuil an fheithicil laistigh d’eatraimh shonraithe ama le linn thréimhse a díchláraithe shealadaigh. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis faoi athruithe ar úinéireacht feithiclí arna ndíchlárú go sealadach a thaifeadadh sa chlár feithiclí freisin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann na feithiclí na rialacha is infheidhme maidir le clárú agus nach gcaitear le feithicil mar fheithicil a bhfuil a ré caite sula n-athchláraítear í.

(13) Chun feithicil i dtrácht ar bhóithre a shainaithint, ar feadh idirthréimhse, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar an tiománaí Cuid I den deimhniú clárúcháin fisiceach a iompar. Ina dhiaidh sin, ba cheart do na Ballstáit glacadh le deimhnithe clárúcháin fisiceacha agus móibíleacha araon chun na críche sin.

---

[6] Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 269, 21.10.2000, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/53/oj)

(13a) I gcás ina n-eisíonn Ballstát Cuid II den deimhniú clárúcháin nó deimhniú atá coibhéiseach léi, níor cheart Cuid II den deimhniú clárúcháin a eisiúint ach d'úinéir nó sealbhóir an deimhnithe clárúcháin.

(13b) Gné riachtanach de shaorghluaiseacht earraí agus daoine is ea aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe clárúcháin feithiclí, idir fhisiceach agus mhóibíleach, chun feithiclí a shainaithint i dtrácht idirnáisiúnta agus chun feithicil a athchlárú i mBallstát eile. Mar sin féin, chun feithicil a athchlárú, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nár cheart feidhm a bheith ag an aitheantas frithpháirteach i gcás feithiclí nár deonaíodh cineálcheadú AE ná ceadú aonair AE dóibh chun comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta sábháilteachta agus comhshaoil a áirithiú, i gcomhréir leis na forálacha i Rialachán (AE) 2018/858, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013. Ina gcuid reachtaíochta náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit na ceanglais sin a chinneadh ar cheart d'fheithicil ar thug Ballstát eile údarú náisiúnta ina leith iad a chomhlíonadh sular féidir í a athchlárú; d'fhéadfadh tástáil ródacmhainneachta nó próiseas formheasa a bheith i gceist leis sin. Ba cheart na ceanglais arna leagan síos ag na Ballstáit a bheith i gcomhréir leis na forálacha i Rialachán (AE) 2018/858, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

(14) Nuair a bheidh feithicil a cláraíodh roimhe sin i mBallstát eile á hathchlárú, ba cheart do na húdaráis inniúla a cheangal, le linn idirthréimhse, go gcuirfear Cuid I den deimhniú clárúcháin fisiceach faoina mbráid, mar aon le Cuid II i gcás inar eisíodh í. Mar sin féin, chun saorghluaiseacht daoine a éascú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla glacadh le taispeáint an deimhnithe clárúcháin mhóibíligh le linn na tréimhse sin, má eisíodh é. Tar éis na hidirthréimhse, nuair a bheidh feithicil a cláraíodh roimhe sin i mBallstát eile á hathchlárú, ba cheart do na húdaráis inniúla glacadh le Cuid I den deimhniú clárúcháin fisiceach, mar aon le Cuid II i gcás inar eisíodh í, agus le taispeáint an deimhnithe clárúcháin mhóibíligh.

(15) Chun a áirithiú go bhfuil na cláir feithiclí cruinn agus cothrom le dáta, nuair a bheidh feithicil á hathchlárú, ba cheart do na húdaráis inniúla a fhíorú le Ballstát an chláraithe cén fhormáid nó cé na formáidí den deimhniú clárúcháin a eisíodh. I gcás inar eisíodh deimhniú clárúcháin fisiceach, ba cheart do na húdaráis inniúla an chuid nó na codanna den deimhniú sin a cuireadh isteach a tharraingt siar, agus ba cheart dóibh, gan moill mhíchuí, údaráis an Bhallstáit eisiúna a chur ar an eolas faoin tarraingt siar. I gcás ina dtaispeánfar deimhniú clárúcháin móibíleach, ba cheart do na húdaráis inniúla freisin, gan moill mhíchuí, údaráis an Bhallstáit eisiúna a chur ar an eolas, agus ba cheart don Bhallstát eisiúna an deimhniú sin a chúlghairm láithreach. Ba cheart faisnéis maidir leis an deimhniú a bhí ann roimhe sin sa chlár feithiclí a choinneáil ar feadh 12 mhí.

(16) Chun oibriú rianúil an chórais a thugtar isteach leis an Treoir seo a éascú, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, ba cheart do na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú a bheidh freagrach as faisnéis a mhalartú go tráthúil leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.

(17) Chun a áirithiú go bhfanfaidh na hIarscríbhinní cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le codanna áirithe d'Iarscríbhinní I agus II a leasú i gcás ina méadófar an tAontas, i ndáil le gnéithe neamhéigeantacha i gcás athruithe ar inneachar na ndeimhnithe comhréireachta sa reachtaíocht ábhartha maidir le cineálcheadú an Aontais, nó chun forbairtí teicniúla, oibríochtúla nó eolaíocha a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[7]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[7] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(18) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an méid a leanas a shonrú: na gnéithe idir-inoibritheachta agus bearta slándála is infheidhme maidir leis na cóid QR a thugtar isteach ar dheimhnithe clárúcháin fisiceacha; idir-inoibritheacht, slándáil agus tástáil deimhnithe clárúcháin móibíleacha; na gnéithe fíorúcháin arna n-áireamh agus an comhéadan leis na córais náisiúnta; sonraí ábhartha ón deimhniú comhréireachta i bhformáid leictreonach dá bhforáiltear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]; na socruithe is gá chun feidhmiúlachtaí an chórais leictreonaigh MOVE-HUB a chur chun feidhme; agus formáid na sonraí atá le cur in iúl ag na Ballstáit don Choimisiún tríd an ríomhardán. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(19) Chun calaois agus trádáil neamhdhleathach feithiclí goidte a chomhrac, láimhseáil éifeachtúil feithiclí tréigthe a áirithiú agus deireadh a chur le hathchlárú feithiclí ar eisíodh deimhniú scriosta ina leith, ba cheart do na Ballstáit cúnamh a thabhairt dá chéile i dtaca le cur chun feidhme na Treorach seo. Ba cheart a áireamh leis sin rochtain ar shonraí clárúcháin ábhartha agus ar fhaisnéis ródacmhainneachta, lena n-áirítear fionraíochtaí, a thabhairt do na húdaráis chlárúcháin i mBallstáit eile.

---

8 Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

9 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(20) Chun an chómhalartú sonraí a éascú, ba cheart do na Ballstáit a gcláir feithiclí agus a gcórais leictreonacha ina bhfuil faisnéis maidir leis an deimhniú ródacmhainneachta is déanaí, lena n-áirítear deimhniú sealadach ródacmhainneachta an Aontais, a idirnascadh leis an gcóras MOVE-HUB an Choimisiúin. Is é an cuspóir atá leis sin teachtaireachtaí sonraí a chómhalartú ionas go mbeidh na húdaráis inniúla in ann faisnéis a fháil ó chlár Ballstáit eile i bhfíor-am. Féadfaidh na Ballstáit leanúint dá bhfeidhmchláir féin nó d'fheidhmchláir tríú páirtí a úsáid, lena n-áirítear an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Feithiclí agus Ceadúnais Tiomána (EUCARIS), chun nascadh leis an gcóras leictreonach MOVE-HUB.

(20a) I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ar chúiseanna oird phoiblí nó slándála poiblí, d'fhéadfadh na Ballstáit cineálacha sonracha feithiclí a dhíolmhú ón gcómhalartú sonraí, cuir i gcás feithiclí arna n-úsáid ag fórsaí armtha, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí, ag seirbhísí dóiteáin nó ag an tseirbhís cosanta sibhialta, nó feithiclí seirbhísí éigeandála nó tarrthála, nó d'fhéadfaidís catagóirí sonracha sonraí a bhaineann leis na feithiclí sin a dhíolmhú.

(21) Chun é a chur ar a chumas an Choimisiúin anailís a dhéanamh ar staid na himeartha sna Ballstáit agus tionscnaimh a mholadh ar bhonn fónta fíorasach, ba cheart do na Ballstáit sonraí a chur in iúl don Choimisiún maidir leis na feithiclí atá cláraithe ar a gcríoch, lena n-áirítear an líon deimhnithe clárúcháin fisiceacha agus móibíleacha a eisíodh, an líon athchláruithe feithiclí a cláraíodh roimhe sin i mBallstát eile, agus an líon clárúchán feithiclí a cuireadh ar fionraí. Ba cheart don Choimisiún na sonraí a bhailítear a tharchur do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

(22) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, is é sin creat comhchuibhithe maidir le clárú feithiclí a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, a bhaint amach go leormhaith agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Is amhlaidh atá toisc go bhfágfadh na rialacha náisiúnta lena rialaítear doiciméid chlárúcháin, sonraí clárúcháin agus comhar le Ballstáit eile go mbeadh na ceanglais chomh héagsúil sin nach bhféadfaí leibhéal na sábháilteachta ar bhóithre agus na saorghluaiseachta daoine is cuspóir do na rialacha comhchuibhithe sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, is fearr is féidir na cuspóirí sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(22a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim an 26 Meitheamh 2025.

(23) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[10], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuí, ina mínítear an gaol idir codanna de threoir agus na páirteanna comhfhreagracha d'ionstraimí náisiúnta trasuí. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(24) Ba cheart Treoir 1999/37/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

[10] IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

# Caibidil I
# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha coiteanna maidir leis an méid a leanas:

   (a) na doiciméid chlárúcháin feithiclí arna n-eisiúint ag na Ballstáit;

   (b) sonraí áirithe atá le taifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí;

   (c) cómhalartú na sonraí sin idir na Ballstáit.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le doiciméid chun feithiclí a chlárú go sealadach, mura rud é go gcomhlíonann na doiciméid sin ceanglais na Treorach seo, agus sa chás sin, déanfaidh na Ballstáit iad a aithint go frithpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 9.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘feithicil’ aon fheithicil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 15 de Rialachán (AE) 2018/858 nó in Airteagal 3, pointe 11 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], agus aon fheithicil dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12];

(2) ciallaíonn ‘clárú’ údarú riaracháin a thabhairt d’fheithicil lena cur in úsáid i dtrácht ar bhóithre, lena n-áirítear an fheithicil sin a shainaithint agus sraithuimhir, ar a dtabharfar an chláruimhir, a eisiúint di;

---

[11] Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/167/oj).

[12] Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/168/oj).

(3) ciallaíonn ‘deimhniú clárúcháin’ an doiciméad, arna eisiúint ag údarás inniúil Ballstáit, i bhformáid fhisiceach, i bhformáid dhigiteach, nó sa dá fhormáid, lena ndeimhnítear go bhfuil an fheithicil cláraithe sa Bhallstát sin;

(4) ciallaíonn ‘deimhniú clárúcháin fisiceach’ deimhniú clárúcháin i bhformáid pháipéir nó cárta chliste;

(5) ciallaíonn ‘deimhniú clárúcháin móibíleach’ deimhniú clárúcháin i bhformáid dhigiteach;

(6) ciallaíonn ‘sealbhóir deimhnithe clárúcháin’ an duine dlítheanach nó nádúrtha a bhfuil an fheithicil cláraithe ina ainm;

(7) ciallaíonn ‘fionraíocht’ tréimhse theoranta ama nach n-údaraíonn Ballstát feithicil a úsáid i dtrácht ar bhóithre lena linn, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2014/45/AE, a fhágann go bhféadfar í a údarú lena húsáid arís gan próiseas nua clárúcháin a bheith i gceist, ar an gcoinníoll nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag cúiseanna na fionraíochta;

(8) ciallaíonn ‘díchlárú sealadach’ tréimhse theoranta ama, arna deonú arna iarraidh sin do shealbhóir an deimhnithe clárúcháin, nach bhfuil feithicil údaraithe ag Ballstát lena húsáid i dtrácht ar bhóithre lena linn, ach ina bhfanann sí cláraithe i gcónaí sa chlár feithiclí, sa chaoi is go bhféadfar í a údarú lena húsáid arís gan clárú nua a bheith i gceist;

(9) ciallaíonn ‘cealú clárúcháin’ cealú buan údaraithe Ballstáit chun feithicil a úsáid i dtrácht ar bhóithre.

# Caibidil II
# Deimhnithe clárúcháin

*Airteagal 3*

**Ceanglais ghinearálta maidir le deimhnithe clárúcháin**

1. Eiseoidh na Ballstáit deimhnithe clárúcháin d'fheithiclí atá faoi réir a gcláraithe faoina reachtaíocht náisiúnta. Comhlíonfaidh na deimhnithe na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 4, a mhéid a bhaineann le deimhnithe clárúcháin fisiceacha, agus in Airteagal 5 a mhéid a bhaineann le deimhnithe clárúcháin móibíleacha.
2. I gcás ina n-eisítear deimhnithe clárúcháin le haghaidh feithicil a cláraíodh sular cuireadh an Treoir seo chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit na sonraí maidir leis an deimhniú clárúcháin a theorannú do na sonraí riachtanacha atá ar fáil.
3. Ní bheidh feithicil faoi réir níos mó ná deimhniú clárúcháin amháin, ach amháin mar a leagtar amach i míreanna 4 agus 5. Mar sin féin, féadfar deimhniú clárúcháin móibíleach a thaispeáint ar roinnt gléasanna móibíleacha.
4. Go dtí an [teacht i bhfeidhm + 5 bliana], eiseoidh na Ballstáit deimhnithe clárúcháin fisiceacha. Féadfaidh siad deimhnithe clárúcháin móibíleacha a eisiúint chomh maith leis na deimhnithe fisiceacha.
5. Le héifeacht ón [teacht i bhfeidhm + 5 bliana + 1 lá], eiseoidh na Ballstáit deimhnithe clárúcháin móibíleacha mar an fhormáid réamhshocraithe, gan dochar do cheart an iarratasóra an fhormáid fhisiceach a fháil nó an dá fhormáid a fháil leis an iarratas céanna. Tar éis an deimhniú clárúcháin a bheith eisithe i bhformáid amháin, beidh sé de cheart i gcónaí ag sealbhóir an deimhnithe clárúcháin an fhormáid eile a iarraidh.
6. Áiritheoidh na Ballstáit gur don sealbhóir céanna a eiseofar deimhnithe clárúcháin fisiceacha agus móibíleacha arna n-eisiúint don fheithicil chéanna agus go mbeidh an fhaisnéis chéanna iontu, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II.
7. Déanfaidh na Ballstáit aon eiseamal nua den deimhniú clárúcháin fisiceach agus an tuairisc ar thacair sonraí na ndeimhnithe clárúcháin móibíleach a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile gan moill mhíchuí. Foilseoidh an Coimisiún na heiseamail sin agus na tuairiscí sin ar thacair sonraí ar a leathanach gréasáin tiomnaithe.

*Airteagal 4*

**Deimhnithe clárúcháin fisiceacha**

1. Is é a bheidh sna deimhnithe clárúcháin fisiceacha cuid aonair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó dhá chuid mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II. Féadfaidh na Ballstáit na seirbhísí iomchuí a cheapfaidh siad, go háirithe seirbhísí na monaróirí, a údarú chun codanna teicniúla an deimhnithe clárúcháin a chur i gcrích.

2. Léireofar na sonraí a thugtar sa deimhniú clárúcháin fisiceach, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II, le cóid chomhchuibhithe an Aontais mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cód QR amháin nó níos mó a chur ar na deimhnithe clárúcháin fisiceacha arna n-eisiúint acu i bhformáid pháipéir. Leid an gcód QR, beifear in ann barántúlacht na faisnéise a thuairiscítear ar an deimhniú clárúcháin fisiceach a fhíorú.

4. Féadfaidh micrishlis a bheith i ndeimhnithe clárúcháin fisiceacha a eisítear i bhformáid cárta chliste i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II. Murab amhlaidh an cás, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cóid QR a phriontáil nó a ghreanadh, sa spás atá curtha in áirithe chun na críche sin, ar na deimhnithe clárúcháin a eisíonn siad.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir leis na gnéithe idir-inoibritheachta do chóid QR a phriontáiltear ar dheimhnithe clárúcháin fisiceacha, agus na bearta slándála nach mór do na cóid sin a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le haon bheart atá ceaptha chun cóid QR a thabhairt isteach ar a ndeimhnithe clárúcháin nó maidir le haon athrú ar bheart den sórt sin, laistigh de 3 mhí tar éis a ghlactha.

*Airteagal 5*

**Deimhnithe clárúcháin móibíleacha**

1. Comhlíonfaidh na deimhnithe clárúcháin móibíleacha na sonraíochtaí sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar deimhnithe clárúcháin móibíleacha saor in aisce mar ríomhdhearbhuithe saintréithe do na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Tá an méid sin gan dochar do cheart na mBallstát táille riaracháin náisiúnta a shocrú le haghaidh an nós imeachta clárúcháin faoin dlí náisiúnta.

3. Leis an bhfaisnéis a tharchuirfear go díreach ó ríomhdhearbhú an deimhnithe clárúcháin mhóibíligh atá stóráilte sa Tiachóg Eorpacha Céannachta Digití, beidh na húdaráis inniúla in ann bailíocht údarú na feithicle atá le húsáid i dtrácht ar bhóithre a fhíorú (fíorú), lena n-áirítear aon srianta is infheidhme san Aontas nó i gcríoch Ballstáit.

4. Cuirfidh na Ballstáit liosta ar fáil don Choimisiún d’eisitheoirí iontaofa deimhnithe clárúcháin móibíleacha. Coimeádfaidh siad an liosta sin cothrom le dáta. Cuirfidh an Coimisiún na liostaí sin ar fáil don phobal trí bhealach slán agus i bhfoirm ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe a bheidh oiriúnach do phróiseáil uathoibríoch.

5. Faoin [teacht i bhfeidhm + 2 bhliain], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le sonraíochtaí teicniúla na ndeimhnithe clárúcháin móibíleacha, atá i gcomhréir le ISO/IEC TS 7367 [dáta/leagan le cur isteach a luaithe a fhoilseofar an caighdeán], lena n-áirítear gnéithe fíoraithe bailíochta agus nósanna imeachta chun fógra a thabhairt d’eisitheoirí iontaofa deimhnithe clárúcháin móibíleacha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

# CAIBIDIL III
# Oibleagáidí Ginearálta

*Airteagal 6*

**Sonraí a thaifeadtar i gcláir feithiclí**

1. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí uile a liostaítear in Iarscríbhinn I, pointí 2(e), a thaifeadadh go leictreonach, i gcláir feithiclí, maidir le gach feithicil atá cláraithe ar a gcríoch. Féadfaidh na Ballstáit taifead leictreonach a dhéanamh freisin, sna cláir feithiclí, de na sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn I, pointí 2(f) agus (g).

   Ina theannta sin, áireofar an méid seo a leanas sna cláir feithiclí:

   (a) sonraí ábhartha ón deimhniú comhréireachta i bhformáid leictreonach, mar a fhoráiltear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2018/858 dó;

   (b) toradh na dtástálacha ródacmhainneachta tréimhsiúla éigeantacha i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] agus tréimhse bhailíochta an deimhnithe ródacmhainneachta, lena n-áirítear toradh na dtástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta a rinneadh i mBallstát seachas Ballstát an chláraithe, agus bailíocht an deimhnithe a d’eisigh an Ballstát sin, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus (4) de Threoir 2014/45/AE;

   (c) faisnéis faoi aon mhodhnú suntasach ar chórais agus ar chomhpháirteanna sábháilteachta nó comhshaoil na feithicle;

   (d) faisnéis, más ann di, faoi úinéir na feithicle;

   (e) scriosta;

   (f) faisnéis, más ann di, maidir leis an mBallstát inar cláraíodh an fheithicil den chéad uair;

   (g) faisnéis maidir leis na cúiseanna ar cuireadh clárú na feithicle ar ceal, i gcás ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas fíor i leith na feithicle sin:

      (i) caitheadh léi mar fheithicil a bhfuil a ré caite agus eisíodh deimhniú scriosta i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Threoir 2000/53/CE;

---

[13] Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj).

(ii) athchláraíodh i mBallstát eile í, ar dheimhniú ó Bhallstát nua an chláraithe;

(iii) onnmhairíodh í lasmuigh den Aontas, ar dhoiciméid chustaim a thaispeáint;

(iv) goideadh í nó tógadh ar láimh í go neamhdhleathach ar shlí eile, mar a dheimhnítear le tuarascáil ó na póilíní a eisíodh chuig úinéir deireanach an deimhnithe clárúcháin nó úinéir deireanach na feithicle;

(v) cláraíodh í de shárú ar na ceanglais maidir le clárú feithiclí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta;

(vi) cláraíodh í faoi Uimhir Aitheantais Feithicle mhícheart;

(vii) tá sí faoi réir chealú a cláraithe ar aon chúis eile.

Coinneofar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír cothrom le dáta.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na sonraí ábhartha dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (a). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar síos in Airteagal 14(2).

3. I gcás inar cláraíodh feithicil i gclár feithiclí Ballstáit sular cuireadh an Treoir seo chun feidhme, féadfaidh an Ballstát na sonraí atá taifeadta sa chlár feithiclí a theorannú do na sonraí riachtanacha atá ar fáil.

*Airteagal 7*

**Sonraí clárúcháin feithicle a fhíorú**

Áiritheoidh na Ballstáit nach gcoinneoidh an fíoraitheoir na sonraí pearsanta is gá chun an fhaisnéis a thuairiscítear ar an deimhniú clárúcháin fisiceach nó ar an deimhniú clárúcháin móibíleach a fhíorú, ach amháin má údaraítear a gcoinneáil le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Áiritheoidh siad freisin nach dtabharfar fógra d’údarás eisiúna an deimhnithe clárúcháin maidir le próiseas fíorúcháin na ndeimhnithe clárúcháin fisiceacha, agus nach bpróiseálfaidh sé an fhaisnéis a fhaightear tríd an bhfógra ach amháin chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhíorú ar dheimhnithe clárúcháin móibíleacha.

*Airteagal 8*

**Clárú a chur ar fionraí**

1. I gcás ina bhfaighidh údarás inniúil Ballstáit fógra faoi thástáil thréimhsiúil ródacmhainneachta lena léirítear gur cuireadh an t-údarú chun feithicil ar leith a úsáid i dtrácht ar bhóithre ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2014/45/AE, déanfar an fhionraíocht a thaifeadadh go leictreonach sa chlár feithiclí.

2. Beidh éifeacht leis an bhfionraíocht go dtí go n-éireoidh leis an bhfeithicil i dtástáil nua ródacmhainneachta. Nuair a chuirfear an tástáil ródacmhainneachta i gcrích go rathúil, déanfaidh an t-údarás inniúil úsáid na feithicle i dtrácht ar bhóithre a athúdarú gan mhoill, agus déanfar deireadh na fionraíochta a thaifeadadh go leictreonach sa chlár feithiclí. Ní bheidh gá le haon phróiseas nua clárúcháin.

3. Féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun atástáil a éascú ar fheithicil a bhfuil a húdarú le húsáid i dtrácht ar bhóithre curtha ar fionraí. Féadfar a áireamh ar na bearta sin cead taistil a dheonú ar bhóithre poiblí idir áit deisiúcháin agus ionad tástála chun críche tástála ródacmhainneachta.

Airteagal 8a

**Díchlárú sealadach**

1. Na Ballstáit a dhéanann foráil ina reachtaíocht náisiúnta maidir leis an bhféidearthacht feithiclí a dhíchlárú go sealadach, glacfaidh siad bearta leordhóthanacha lena n-áiritheofar go mbeifear ar an eolas faoin áit a bhfuil an fheithicil go dtí go ndéanfar an fheithicil a athchlárú nó go dtí go gcuirfear an clárú ar ceal, mar shampla, oibleagáid ar úinéir feithicle díchláraithe tuairisc a thabhairt don údarás inniúil maidir le hathruithe úinéireachta le linn na tréimhse ina ndíchlárófar an fheithicil go sealadach. Féadfar an fhaisnéis sin maidir le hathrú úinéireachta a thaifeadadh sa chlár feithiclí.

*Airteagal 9*

**Aitheantas frithpháirteach**

1. Aithneoidh na Ballstáit eile deimhniú clárúcháin fisiceach arna eisiúint ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 4 chun an fheithicil i dtrácht idirnáisiúnta a shainaithint nó chun í a athchlárú i mBallstát eile.

2. Aithneoidh na Ballstáit eile deimhniú clárúcháin móibíleach arna eisiúint ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 5 chun an fheithicil i dtrácht idirnáisiúnta a shainaithint nó chun í a athchlárú i mBallstát eile le héifeacht ón [teacht i bhfeidhm + 5 bliana + 1 lá].

3. I gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2018/858, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhfuil feidhm ag aitheantas frithpháirteach deimhnithe clárúcháin, dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2, maidir le hathchlárú feithiclí nár deonaíodh cineálcheadú AE ná formheas aonair AE dóibh.

*Airteagal 10*

**Feithiclí a shainaithint**

Go dtí an [dáta teacht i bhfeidhm + 5 bliana], féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar an tiománaí Cuid I den deimhniú clárúcháin fisiceach a iompar chun feithicil i dtrácht ar bhóithre a shainaithint. I ndiaidh an dáta sin, glacfaidh na Ballstáit le deimhnithe clárúcháin fisiceacha agus móibíleacha araon chun na críche sin.

*Airteagal 10a*

**Athchlárú feithiclí**

1. Go dtí an [dáta teacht i bhfeidhm + 5 bliana], éileoidh na húdaráis inniúla go gcuirfear Cuid I den deimhniú clárúcháin fisiceach faoina mbráid, agus go gcuirfear Cuid II faoina mbráid má eisíodh í, nuair a bheidh feithicil a cláraíodh roimhe sin i mBallstát eile á hathchlárú. Go dtí an dáta sin, féadfaidh siad glacadh le deimhniú clárúcháin móibíleach arna thaispeáint, más ann dó.I gcás ina bhfuil Codanna I agus II sa deimhniú clárúcháin, agus go bhfuil Cuid I nó Cuid II in easnamh, nó go bhfuil an dá chuid in easnamh, féadfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát inar iarradh an clárú nua a chinneadh, i gcásanna eisceachtúla, an fheithicil a athchlárú; ní fhéadfaidh siad é sin a dhéanamh, áfach, ach amháin tar éis deimhniú a fháil trí mheán leictreonach, ó na húdaráis inniúla sa Bhallstát inar cláraíodh an fheithicil roimhe sin, nach bhfuil aon bhac ar a chlárú na feithicle i mBallstát eile.

2. Ón [teacht i bhfeidhm + 5 bliana + 1 lá], glacfaidh na Ballstáit le Cuid I agus Cuid II, má eisíodh í, den deimhniú clárúcháin fisiceach agus le taispeáint an deimhnithe clárúcháin mhóibíligh araon chun feithicil a cláraíodh roimhe sin i mBallstát eile a athchlárú. Rachaidh an Ballstát atá ag athchlárú i dteagmháil le Ballstát an chlárúcháin lena fhíorú cén fhormáid nó cé na formáidí de na deimhnithe clárúcháin a eisíodh.

3. I gcás nár eisíodh ach deimhniú clárúcháin fisiceach, déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit atá ag athchlárú an chuid nó na codanna den deimhniú clárúcháin a cuireadh isteach a tharraingt siar agus coimeádfaidh siad an chuid nó na codanna a tarraingíodh siar, nó taifead leictreonach de nó díobh, ar feadh 5 bliana. Déanfaidh siad an méid seo a leanas gan moill mhíchuí:

   (a) an tarraingt siar sin a chur in iúl d'údaráis an Bhallstáit a d'eisigh an deimhniú;

   (b) an chuid nó na codanna ábhartha a thabhairt ar ais do na húdaráis sin má iarrann siad amhlaidh.

4. I gcás nár eisíodh ach deimhniú clárúcháin móibíleach, cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit atá ag athchlárú an méid sin in iúl gan moill mhíchuí d'údaráis an Bhallstáit a d'eisigh an deimhniú sin. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit sin an deimhniú clárúcháin móibíleach a bhí ann roimhe sin a chúlghairm láithreach agus coinneoidh siad an fhaisnéis a bhí sa chlárú roimhe sin sa chlár feithiclí ar feadh 5 bliana.

5. I gcás inar eisíodh deimhniú clárúcháin fisiceach agus móibíleach araon, leanfar na céimeanna i míreanna 3 agus 4.

6. Nuair a gheobhaidh Ballstát fógra faoi athchlárú i mBallstát eile, cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit sin an clárú ar ceal.

*Airteagal 11*

**Comhar riaracháin idir na Ballstáit**

1. Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta amháin nó níos mó a bheidh freagrach as malartú faisnéise leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a bpointí teagmhála náisiúnta faoi seach i gcomhar le chéile chun a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis uile is gá in am trátha, lena n-áirítear i ndáil le hiarrataí ó na Ballstáit atá ag athchlárú faoi fhorálacha Airteagal 10a.

2. Cuirfidh na Ballstáit ar aghaidh chuig an gCoimisiún ainmneacha agus sonraí teagmhála a bpointí teagmhála náisiúnta faoi [*dáta an trasuí*], agus cuirfidh siad ar an eolas é gan mhoill faoi aon athrú ar na sonraí sin. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na pointí teagmhála go léir a chur le chéile agus cuirfidh sé an liosta sin ar aghaidh chuig na Ballstáit.

# Caibidil IV
# Gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe

*Airteagal 12*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 chun an méid a leanas a leasú:

(a) pointe 2(d)(ii) agus pointe 3(a)(i)(2) d'Iarscríbhinn I agus pointe 2(d)(ii) agus pointe 3(a)(i)(2) d'Iarscríbhinn II, i gcás mhéadú an Aontais;

(b) pointe 2(f) d'Iarscríbhinní I agus II maidir le heilimintí neamhéigeantacha i gcás athruithe ar inneachar nó ar shainmhínithe deimhnithe comhréireachta i reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le cineálcheadú, agus chun forbairtí teicniúla, oibríochtúla nó eolaíocha a chur san áireamh;

(c) Táblaí 2 agus 3 in Iarscríbhinní I agus II araon, chun na clibeanna lena sainaithnítear na hábhair sonraí a chomhfhreagraíonn do na sonraí clárúcháin éigeantacha agus roghnacha a liostú;

*Airteagal 13*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ón [*dáta theacht i bhfeidhm*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh cúlghairme, cuirfear deireadh tarmligean na cumhachta arna sonrú sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 14*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

# Caibidil V
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 15*

**Sonraí a chómhalartú**

1. Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh dá chéile i gcur chun feidhme na Treorach seo. Cómhalartóidh siad faisnéis maidir le sonraí clárúcháin feithicle, sonraí maidir le toradh an deimhnithe ródacmhainneachta dheireanaigh, aon deimhniú sealadach ródacmhainneachta de chuid an Aontais a eisíodh le 3 bliana anuas, aon tuarascálacha ar chigireacht theicniúil cois bóthair a eisíodh le 3 bliana anuas, agus stair odaiméadair na feithicle arna stóráil i mbunachair sonraí náisiúnta agus lena gcumhdaítear na 3 bliana is déanaí ar a laghad, go háirithe chun stádas dlíthiúil feithicle a sheiceáil roimh chlárú na feithicle sin, sa Bhallstát inar cláraíodh í roimhe sin más gá.

   I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na Ballstáit cineálacha sonracha feithiclí nó pointí sonracha sonraí a bhaineann leis na feithiclí sin a dhíolmhú ón gcómhalartú sonraí ar chúiseanna a bhaineann leis an ord poiblí nó leis an tslándáil phoiblí.

2. Déanfaidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta feithiclí agus a gcórais leictreonacha maidir le deimhnithe ródacmhainneachta a idirnascadh tríd an gcóras leictreonach MOVE-HUB arna fhorbairt ag an gCoimisiún sa chaoi go mbeidh údarás inniúil de chuid aon Bhallstáit in ann clár feithiclí aon Bhallstáit eile a cheadú i bhfíor-am. Beidh an t- idirnasc sin oibríochtúil laistigh de 2 bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4.

3. Measfar an oibleagáid a leagtar síos i mír 2 a bheith comhlíonta má úsáideann na Ballstáit a bhfeidhmchláir féin nó feidhmchláir tríú páirtí, lena n-áirítear an Córas Eorpach Faisnéise maidir le feithiclí agus ceadúnais tiomána (EUCARIS), chun sonraí a chómhalartú agus chun nascadh leis an gcóras leictreonach MOVE-HUB.

4. Déanfar rochtain ar líonra MOVE-HUB a dhaingniú. Ní fhéadfaidh na Ballstáit ach na húdaráis atá inniúil chun na gcríoch sin dá dtagraítear i mír 1 a nascadh.

5. Faoin [*dáta teacht i bhfeidhm + 2 bhliain*], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na socruithe is gá chun feidhmiúlachtaí an chórais leictreonaigh MOVE-HUB a chur chun feidhme, agus lena sonraítear na híoscheanglais maidir le formáid agus inneachar na teachtaireachta atá le húsáid ag na Ballstáit. Sonróidh sé cén t-údarás atá freagrach as rochtain ar shonraí agus as tuilleadh úsáide. Áiritheofar leis na gníomhartha cur chun feidhme sin go gcosnófar sonraí pearsanta agus glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

*Airteagal 16*

**Faisnéis a chur in iúl don Choimisiún**

1. Faoin 31 Márta 2030, agus faoin 31 Márta gach tríú bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún tríd an ardán tuairiscithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] ('ríomhardán') na sonraí a bhaineann leis na feithiclí a cláraíodh ar a gcríoch le linn gach ceann de na 3 bliana féilire roimhe sin. Léireoidh na sonraí sin (in aghaidh na bliana féilire):

(a) an líon deimhnithe clárúcháin fisiceacha arna n-eisiúint, in aghaidh na catagóire feithicle;

(b) an líon deimhnithe clárúcháin móibíleacha arna n-eisiúint, in aghaidh na catagóire feithicle;

(c) an líon athchláruithe feithiclí a cláraíodh roimhe sin i mBallstát eile, in aghaidh na catagóire feithicle;

(d) an líon clárúchán feithiclí arna gcur ar fionraí, in aghaidh na catagóire feithicle.

Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí a bhaileofar chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

---

14 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar an fhormáid ina mbeidh na sonraí dá dtagraítear i mír 1 le cur in iúl tríd an ríomhardán. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14(2).

*Airteagal 17*

**Trasuí**

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm faoin [an chéad lá den mhí i ndiaidh *dháta teacht i bhfeidhm + 3 bhliain*] iad ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.
Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí leis an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 18*

**Aisghairm**

1. Aisghairtear Treoir 1999/37/CE le héifeacht ón [an chéad lá den mhí i ndiaidh *dháta an teacht i bhfeidhm + 3 bliana*].

2. Déanfar tagairtí don Treoir 1999/37/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 19*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 20*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
*[...]*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*